

Vacsáin Fliú

Eolas faoin vacsaín fliú
faoi choinne daoine
65 bliain d'aois agus
os a chionn





Eolas faoin vacsaín fliú faoi choinne daoine 65 bliain d'aois agus os a chionn.

Maidir leis an mbileog seo

Tá eolas sa bhileog seo faoin vacsaín fliú shéasúrach a dtugtar Fluad Tetra uirthi faoi choinne daoine atá 65 bliain d'aois agus os a chionn. Tugtar eolas duit faoi na rudaí seo a leanas

- cad é an fliú séasúrach
- an difear atá ann idir slaghdán, an fliú agus COVID-19
- na daoine ar chóir dóibh an vacsaín seo a fháil
- cad é mar a fheidhmíonn sí agus sábháilteacht vacsaíne
- fo-iarmhairtí
- cá huair agus cén dóigh a fháil
- cad chuige a bhfuil sé tábhachtach an vacsaín a fháil

Léigh an doiciméad seo go cúramach

Céard is fliú séasúrach ann?

Is breoiteacht an-ionfhabhtach é an fliú séasúrach, arb é an víreas fliú is cúis leis. Ionfhabhtaíonn an víreas na haerchonairí agus na scamhóga. Scaiptear i measc an phobail é i rith an tséasúir fliú. De ghnáth, tosaíonn an séasúr fliú ag tús mhí Dheireadh Fómhair agus críochnaíonn sé ag deireadh mhí Aibreáin.

An dtig leis an fhliú a bheith ina chúis le tinneas tromchúiseach?

Thig, is féidir leis an fhliú a bheith ina chúis le tinneas tromchúiseach agus le haimhréidheanna sláinte a d'fhéadfadh duine a chur i mbaol a bháis, cuir i gcás an níúmóine, broincíteas agus, go fóramnamh, athlasadh na hinchinne (einceifealaíteas).

Thig leis an fhliú drochthionchar a bheith aige ar fhadhbanna ainsealacha sláinte freisin.

Is mó seans go mbuailfidh na haimhréidheanna tromchúiseacha sin daoine áirithe, lena n-áirítear daoine atá 65 bliana d'aois agus os a chionn, mná torracha agus daoine a bhfuil bunghalar sláinte orthu cosúil le diaibéiteas agus galar ainsealach scamhóige.

Cén difear atá ann idir slaghdán agus an fliú?

De ghnáth, tosaíonn slaghdán diaidh ar ndiaidh mar scornach thinn agus mar shrón phlúchta nó mar shrón atá ag sileadh agus is éadrom go maith iad na hairíonna de ghnáth. Tagann airíonna fliú ar dhuine go tobann i bhfoirm fiabhrais, pianta sna matáin, tinneas cinn agus tuirse ollmhór.

Cad chuige a bhfuil an vacsaín fliú de dhíth ar dhaoine atá 65 bliain d'aois agus os a chionn?

Tá baol níos mó ann go mbeidh tinneas tromchúiseach, ospidéal nó bás i gceist leis an fliú i gcás daoine atá 65 bliain nó os a chionn. Tá an vacsaín fliú ar an chosaint is fearr i gcoinne an fliú. An séasúr fliú seo, cuirfear vacsaín fliú Fluad Tetra ar fáil dóibhsean atá 65 bliain agus os a chionn. I gcás daoine atá níos mó ná 65 bliain d'aois, vacsaín níos éifeachtaí atá anseo agus seo an chéad bhliain di a bheith ar fáil in Éirinn.

Cad é mar a fheidhmíonn vacsaín fliú Fluad Tetra?

Athraítear an vacsaín fliú gach aon bhliain le teacht leis na víris fliú lena mbítear ag súil a bheas ag gabháil thart. Sin an fáth a mbíonn vacsaín de dhíth ort gach aon bhliain. Leis an vacsaín seo, tugtar cosaint in éadan ceithre chineál den víreas fliú.

Níl víreas beo ar bith sa vacsaín fliú. Ní thig leis an vacsaín an fliú a thabhairt duit.

Beidh an vacsaín mar chuidiú ag do chóras imdhíonachta antasubstaintí (próitéin) a théann i gcoinne ionfhabhtaithe a chruthú. Má tá an vacsaín fliú faighte agat, agus má bhíonn teagmháil agat leis an víreas fliú, cosnaíonn an vacsaín ar an mbreoteacht thú.

Is é an vacsaín fliú an bealach is sábháilte ag do chorp imdhíonacht ar an bhfliú a fhorbairt i mbliana.

Cad é mar a thugtar an vacsaín fliú?

Tugtar an vacsaín fliú mar instealladh in uachtar an sciatháin. Ní bheidh i gceist ach cúpla nóiméad.

Cá mhéad dáileog den vacsaín fliú a bheas de dhíth orm?

Beidh dáileog amháin den vacsaín seo de dhíth ort le cosaint a thabhairt duit a mhairfeas i rith shéasúr seo an fhliú.

Cad é an t-aidiúvach (comhábhar) i vacsaín na bliana agus cad é mar a dhéanann sé an fhreagairt imdhíonachta a fheabhsú i gcás daoine atá 65 bliain agus os a chionn?

Tá aidíúvach (comhábhar) i vacsaín fliú Fluad Tetra a fhágfaidh go mbeidh sí níos éifeachtaí.

De réir mar a théimid in aois, bíonn seans ann nach bhfreagróidh ár gcóras imdhíonachta ar vacsaíní chomh héifeachtach céanna. Mar sin, tá an vacsaín fliú dar teideal Fluad Tetra á tairiscint do dhaoine fásta ar aois 65 bliain agus os a chionn i mbliana.

Is éard atá i gceist le haidiúvaigh ná substaintí a chuirtear le vacsaíní le freagairt imdhíonach a chruthú a bheidh níos mó, níos leithne agus níos faide. Tá aidiúvaigh á gcur le vacsaíní le blianta fada le cur lena n-éifeachtacht.

I gcás Fluad Tetra, MF59 an t-aidiúvach a úsáidtear. Is as ola squalene is mó a dhéantar MF59, ar ola nádúrtha í atá le fáil i ndaoine, plandaí agus ainmhithe.

An gcosnóidh an vacsaín fliú ar Covid-19 mé?

Ní chosnóidh. Ní chosnaíonn an vacsaín fliú daoine ar COVID-19. Tá sé tábhachtach an vacsaín fliú agus an vacsaín in éadan COVID-19 a fháil. Is amhlaidh sin toisc gur víris éagsúla is cúis leis an Fhliú agus le COVID-19.



Thig leis an fhliú agus le COVID-19 a bheith mar chúis le tinneas tromchúiseach agus, agus má thagann siad ort, seans go mbeidh ort dul isteach chun na hotharlainne. D'fhéadfadh sé a bheith deacair idirdhealú a dhéanamh idir comharthaí sóirt an fhliú agus comharthaí sóirt Covid-19.

Más rud é gur tugadh an vacsaín in éadan COVID-19 duit, ba cheart an vacsaín fliú a fháil chomh maith.

Is féidir leis vacsaín in éadan COVID-19 a fháil ag an am céanna leis an vacsaín fliú má chuirtear ar fáil dó í.

Cé chomh sábháilte is atá an vacsaín fliú?

Tá an vacsaín fliú an-sábháilte. Tá vacsaíní fliú á dtabhairt le breis is 60 bliain anuas do na milliúin duine ar fud an domhain.

Táthar i ndiaidh an vacsaín fliú aidiúvaithe cheathairfhiúsach a úsáid i Stáit Mheiriceá mar pháirt dá gclár vacsaínithe fliú, 2020-21. Tá vacsaín fliú aidiúvaithe den chineál céanna (Fluad) á húsáid i suas le 29 tír le níos mó ná 20 bliain.

Cad iad na fo-iarmhairtí a bhaineann leis an vacsaín?

An chuid is mó de na fo-iarmhairtí a bhíonn ann, bíonn siad séimh go measartha agus ní mhaireann siad i bhfad.

I ndiaidh duit Fluad Tetra a fháil, is fo-iarmhairtí iontach coitianta iad seo a leanas (a mbíonn tionchar acu ar bhreis agus duine amháin i ngach aon deichniúr):

- pian sa láthair insteallta
- traochadh agus
- tinneas cinn

fo-iarmhairtí coitianta (a mbíonn tionchar acu ar bhreis agus duine amháin i ngach aon chéad duine), ina measc: brú craicinn, deirge nó athlasadh ar láthair an ionfhabhtaithe, caillteanas goile, masmas, buinneach, comharthaí sóirt fliú lena n-áirítear fuacht, pian matán agus pian alt.

Tharlódh go dtiocfadh fiabhras agus urlacan ar dhaoine i ndiaidh dóibh an vacsaín a fháil.

Tugadh fo-iarmhairtí faoi deara corruair i gcás vacsaín fliú den chineál céanna le Fluad Tetra. Ar na fo-iarmhairtí sin, tá iarmhairtí atá annamh ach tromchúiseach mar shampla frithghníomhú tromchúiseach ailléirgeach (anaifiolacsas). Beidh an vacsaíneoir a bheas agat oilte le dul i ngleic le frithghníomhartha tromchúiseacha ar bith a thiocfaidh aníos. Léigh Bileog Eolais Othar an mhonaróra le tuilleadh eolais a fháil.

Cé nár chóir dóibh Fluad Tetra a fháil?

Má tháinig frithghníomhú tromchúiseach ailléirgeach (anaifiolacsas) ort roimhe seo mar gheall ar dháileog den vacsaín fliú nó i leith ceann ar bith dá comhábhair roimhe seo (polasorbáit 80 san áireamh), níor cheart duit an vacsaín fliú a fháil. Léigh Bileog Eolais Othar an mhonaróra le liosta na gcomhábhar a fheiceáil.

I gcás othair atá ag glacadh coscairí seicphointí comhchineálacha (e.g. ipilimumab plus nivolumab), a úsáidtear le cóireáil a chur ar ailse, níor chóir dóibh aon vacsaín fliú a fháil.

Na daoine siúd a bhfuil neodraipéine orthu (íseal-leibhéil de shórt leocaicíte), níor cheart dóibh siúd aon vacsaín fliú a fháil.

Céard faoi dhaoine a bhfuil ailléirge uibheacha orthu?

Má tá ailléirge uibheacha agat, labhair leis an dochtúir teaghlaigh nó cógaiseoir atá agat sula dtugtar an vacsaín seo duit.

Ar chóir dom an vacsaín fliú a fháil má bhíonn ardteocht (fiabhras) orm?

Is beag fáth atá ann go ndéanfaí an vacsaíniú fliú a chur siar. Má tá tú breoite, agus má tá do theocht os cionn 38°C, tá seans ann go gcaithfí an vacsaíniú a chur siar go dtí go mbeadh biseach ort.

Cá háit a dtig liom an vacsaín fliú a fháil?

Tá an vacsaín fliú le fáil ón dochtúir teaghlaigh nó ón chógaiseoir atá agat. Más oibrí cúraim sláinte thú, seans go gcuirfidh do rannóg sláinte ceirde an vacsaín ar fáil ag an obair.

Cén costas a bheas ar an vacsaín fliú?

Beidh an vacsaín fliú agus an seisiún comhairliúcháin leis an dochtúir teaghlaigh nó an cógaiseoir atá agat saor in aisce.

Socraigh coinne leis an dochtúir ginearálta nó leis an chógaiseoir atá agat anois.

An bhfuil sé sábháilte dul chuig an dochtúir nó chuig an chógaiseoir leis an vacsaín fliú a fháil le linn ghéarchéim Covid-19?

Tá. Leanann dochtúirí teaghlaigh agus cógaiseoirí comhairle FFS maidir le Covid-19 chun ionfhabhtú a sheachaint agus chun tú a chosaint nuair a thagann tú chucu i gcomhar coinne.



Vacsáin níúmacocúil

Má tá tú 65 bliana d'aois nó níos sine, nó má tá riocht fadtéarmach sláinte ort, ba chóir duit ceist a chur ar an dochtúir teaghlaigh nó ar an chógaiseoir atá agat faoin vacsáin níúmacocúil, atá mar chosaint ar an níúmóine. Is gnách nach gá duit an vacsáin níúmacocúil a fháil ach uair amháin. Thig leis an vacsáin a fháil ar an lá céanna leis an vacsáin fliú.

Le haghaidh tuilleadh eolais, féach:

www.hse.ie/flu

Beidh ort an bhileog seo a léamh, mar aon le Bileog Eolais Othar an mhonaróra, sula dtig leat an vacsáin a fháil. Thig leat Bileog Eolais Othar an mhonaróra a fháil anseo:

<https://www.ema.europa.eu/en/medicines/human/EPAR/fluad-tetra>

An Oifig Náisiúnta Imdhíonta

www.hse.ie/flu

Cód Ordaithe: HNI01412



Cosain thú féin.
Cosain daoine eile.

